Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 go 2004

Gearán chuig an mBinse Comhionannais faoi Idirdhealú i ndáil le Fostaíocht
(Féach na Nótaí a ghabhann leis seo)

Cuid 1: Mionsonraí faoin ngearánaí

Ainm an ghearánaí	**Uimhir theagmhála teileafóin:**
Seoladh teagmhála	**Uimhir facs / ríomhphost (más tá sé ar fáil)**

Cuid: (Le comhlánú ag an mBinse amháin)

Uimhir thagartha an cháis	An dáta a fuair an Binse an gearán

Cuid 3: *Forais ar a bhfuil idirdhealú á éileamh*

Ticeáil an bosca (na boscaí) iomchuí le do thoil:

- **inscne** (fireann, baineann nó torrach)
- **stádas pósta (**singil, pósta, idirscartha, colscartha nó baintreach)

☐ **stádas teaghlaigh** (tuismitheoir linbh faoi bhun aois 18, tuismitheoir gníomhach linbh faoi bhun aois 18, nó tuismitheoir / cúramóir príomha duine mhíchumasaigh óna dteastaíonn cúram leanúnach) (féach na Nótaí)

- **gnéaschlaonasdh (**claonadh heitrighnéasach, homaighnéasach nó déghnéasach**)**

☐ **reiligiún** (creideamh/cúlra reiligiúnda nó easnamh creidimh)
☐ **aois (**más mó ná 16, féach na Nótaí)
☐ **cine** (dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnta)

- **Duine den Lucht Siúil**

Cuid **4: Tuairisc ar an Éileamh:**

Ticeáil an bosca (na boscaí) iomchuí le do thoil**:**

Idirdhealú maidir le:

- ☐ - rochtain ar fhostaíocht
- ☐ - ardú céime/ athghrádú
- ☐ - oiliúint
- ☐ - coinníollacha fostaíochta
- ☐ - nithe eile

☐ **Dífhostú idirdhealaitheach**
☐ **Ciapadh** (féach na Nótaí):
☐ **Ciapadh gnéasach** (féach na Nótaí):
☐ **Íospairt** (féach na Nótaí):
☐ **Dífhostú íospartach:**
☐ **Mainneachtain cóiríocht reasúnach a sholáthar**
(do dhaoine míchumasacha amháin : féach na Nótaí):

☐ **Éileamh ar phá comhionann*** (féach Cuid 9)
☐ **Éileamh i ndáil le comhaontú comhchoiteann**

* Más scéim phinsin ceirde atá i gceist le d'éileamh (e.g. scéim phinsin an fhostóra s'agat d'fhostaithe), úsáid foirm PA. 1 de chuid Achtanna na bPinsean le do thoil, ní an fhoirm EE.1 seo.

Cuid 5: *Mionsonraí faoi ionadaí an ghearánaí*

Má tá ionadaí (e.g. An tÚdarás Comhionannais, Ceardchumann, Aturnae), ag gníomhú duit, tabhair an t-ainm agus mionsonraí teagmhála le do thoil:

Ionadaí:	**Uimhir Theileafón**
Seoladh:	**Uimhir Facs /Ríomhphost**

Cuid 6: *Mionsonraí faoin bhfreagróir*

Tabhair ainm agus mionsonraí teagmhála an duine (an fostóir nó duine eile) a bhfuil an gearán seo á dhéanamh ina (h)aghaidh, le do thoil:

Ainm:	**Uimhir Theileafón**
Seoladh:	**Uimhir Facs /Ríomhphost**

Cuid 7: Ceart chun faisnéise

Déantar foráil le halt 76 de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta:

- i gcás ina gceapann duine go mb'fhéidir go ndearnadh idirdhealú ina (h)aghaidh nó gur déileáladh leis/léi ar aon slí eile atá mídhleathach faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta,

- go bhféadfaidh an duine sin (an "gearánaí"), más mian leis/léi é,

- Scríobh chuig an duine nó an eagras (an freagróir") a gceapann sé/sí go mb'fhéidir gur dhéileáil siad leis/léi go mídhleathach,

- faisnéis iomchuí a iarraidh chun cabhrú leis/léi breith a thabhairt cé acu ba chóir dó/di cás a tharchur chuig an mBinse Comhionannais nó chun cabhrú leis/léi a c(h)ás a fhoirmliú agus a thíolacadh.

Forordaítear le dlí gurb í foirm EE.2 an fhoirm ar féidir le gearánaí í a úsáid chun an fhaisnéis sin a iarraidh. Tá cineálacha áirithe faisnéise eisiata.(Féach na Nótaí a ghabhann le Foirm EE.2)

Is féidir leis an bhfreagróir freagra a thabhairt ar Fhoirm EE.3, atá forordaithe le dlí freisin chun na críche seo. (Níl an freagróir faoi oibleagáid freagra a thabhairt, ach déantar foráil le halt 81 de na hAchtanna mura dtugann siad

freagra, nó má tá na freagraí bréagach nó míthreorach, go bhféadfar aird a thabhairt air sin le linn breith a thabhairt ar an gcás).

An bhfuil Foirm EE.2 a sholáthraítear chun faisnéis a lorg faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta á húsáid agat?

☐ **Tá**

☐ **Níl**

Más 'Tá' luaigh le do thoil an dáta a cuireadh an ceistiúchán chuig an bhfreagróir:

An bhfuil foirm EE.2 comhlánaithe agus curtha chuig an bhfreagróir agat?

☐ **Tá**
☐ **Níl**

Más 'Tá' luaigh le do thoil an dáta a cuireadh an ceistiúchán chuig an bhfreagróir:

Cuid 8: Mionsonraí faoin ngearán (seachas gearán faoi phá comhionann)
Más le pá comhionann amháin a bhaineann an gearán seo, téigh go díreach chuig Cuid 9 le do thoil

An dáta a tharla an chéad ghníomh idirdhealaitheach:
Dáta an dífhostaithe (más infheidhme):
An dáta is déanaí a tharla gníomh idirdhealaitheach [1]:
An áit(na háiteanna) ar tharla an gníomh(na gníomhartha) idirdhealaitheach(a)
Cuntas gairid ar an ngearán: :

[1]Tá feidhm ag teorainneacha ama, Féach le do thoil na Nótaí Míniúcháin ata ag gabhail leis

Cuid 9: Éileamh ar Phá Comhionann
Ainm an Duine a bhfuil pá comhionann á eileamh leis /léi (an "comparáidí"):

Ainm:

Dearbhú

Maíonn an gearánaí [ticeáil an bosca (na boscaí) cuí le do thoil]

- **go ndéanann sé/sí an obair chéanna leis an gcomparáidí atá ainmnithe, nó go bhfuil a c(h)uid oibre inmhalartaithe le hobair an chomparáidí, agus/ nó**

- **go ndéanann sé/sí obair den chineál céanna le hobair a dhéanann an comparáidí agus gur annamh a bhíonn aon difríochtaí ann agus gur beag tábhacht atá leis na difríochtaí sin agus/ nó**

- **go ndéanann sé/sí obair atá ar chomhluach le hobair an chomparáidí.**

Cuid 10: Síniú

Siiniú an Ghearánaii nó an Ionadaí:
……

Dáta: _____

Ba chóir an fhoirm ghearáin agus í chomhlánaithe agus sínithe a chur go pras chuig:

An Binse Comhionannais, 3 Sráid Chluain Meala , Baile Átha Cliath 2
Mionsonraí Teagmhála:

Teil: 01-4774100 Lo-Call: 1890 344424 Facs: 01-4774141

Form EE.1
Nótaí Míniúcháin

(Cuirtear an Fhoirm agus na Nótaí seo ar fáil mar chabhair phraiticiúil i ngnáthchaint, lena chinntiú go mbeidh eolas soiléir ag an dá pháirtí agus ag an mBinse faoi ábhar an ghearáin. Ní comhairle dhlí ná léiriú dlí atá san Fhoirm ná sna Nótaí seo, agus b'fhéidir nach bhfuil an leagan teanga a úsáidtear chomh cruinn céanna le téacs díreach na reachtaíochta. Tá cuid de na sainmhínithe iomchuí as na hAchtanna leagtha amach go hiomlán thíos. Tá téacs iomlán na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004 ar fáil ag www.equalitytribunal.ie, nó ó Oifig Foilseachán an Rialtais.)

1. Rúndachta

Tabhair de d'aire le do thoil go dtugtar cóip den fhoirm ghearáin, agus faisnéis eile a fhaigheann an Binse Comhionannais le linn imscrúdú, don pháirtí eile chomh luath agus a ghlactar le gearán lena imscrúdú. Déantar é sin sa chaoi go gcinnítear go mbeidh gach páirtí ar an eolas go hiomlán faoin gcás a dhéanann an páirtí eile, de réir ceartais nádúrtha. Foilsítear breitheanna freisin, lena n-áirítear mionsonraí iomchuí ón bhfianaise a thíolactar. Thairis sin, bíonn na mionsonraí a bhíonn ina sheilbh ag an mBinse i dtaobh cásanna indibhidiúla faoi rún ag na páirtithe lena mbaineann. I gcásanna lena mbaineann íogaire ar leith, amhail ciapadh gnéasach foilsítear an bhreith i bhfoirm nach n-aithnítear na daoine aonaire áirithe.

2. Inrochtanacht agus riachtanais speisialta

Má bhíonn aon deacracht ar leith ag comhlánú na foirme (mar shampla mar gheall ar mhíchumas nó deacrachtaí teanga nó scríbhneoireachta), déan teagmháil leis an Oifig le do thoil. Déanfaimid iarracht cabhrú leat socruithe eile a dhéanamh mar is cuí.

3. *Imeachtaí Eile*

Ní fhéadfaidh duine gearán a tharchur chuig an Stiúrthóir, má tá cúirt tar éis tosú cheana féin ar chás a éisteacht a bheidh tionscanta ag an duine sin maidir leis an tsaincheist chéanna ag éileamh damáistí sa dlí coiteann i leith clásal faoi luach saothair comhionann nó clásal comhionannais ina gconradh fostaíochta a shárú.

Sa tslí chéanna, duine a mbeidh éileamh tarchurtha aige/aici chuig an Stiúrthóir ní fhéadfaidh sé/sí damáistí a ghnóthú freisin sa dlí coiteann trí imeachtaí cúirte i leith na saincheiste céanna ón uair a bheidh imscrúdú tosaithe ag an mBinse Comhionannais ar a ngearán nó má shocraítear é trí idirghabháil. Tá srianta ann freisin faoi ghearáin a thabhairt i gcomhthráth faoi dhífhostú faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta,

nó, i gcomhthráth, faoin reachtaíocht a chosnaíonn oibrithe páirtaimseartha nó oibrithe téarma shocraithe agus faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

4. Teorainneacha Ama chun gearán a dhéanamh

Foráiltear leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta nach mór éileamh faoi idirdhealú nó íospairt a tharchur chuig Stiúrthóir an Bhinse Comhionannais laistigh de shé mhí ón dáta a tharla sé/sí (nó, más gníomh athdhéanta an gníomh, an uair dheireanach a tharla).[2]

Ciallaíonn sé sin nach mór, mar shampla, gearán faoi idirdhealú a tharla an 12 Aibreán 2004 a sheachadadh ar an mBinse an 11 Deireadh Fómhair 2004 ar a dhéanaí[3]. Má sheachaidtear éileamh ar an 12 Deireadh Fómhair 2004 beidh sé ródhéanach, agus ní féidir leis an mBinse déileáil leis ansin.

Mura dtarchuirtear gearán in am, agus má dhéantar é roimh an 18 Iúil 2004 faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998, féadfaidh an gearánaí iarratas a dhéanamh chun an teorainn ama a fhadú. Féadfaidh an Stiúrthóir ansin an teorainn ama a fhadú go dtí dhá mhí dhéag ar a mhéad (go dtí an 11 Aibreán 2005 sa sampla thuas). Ní fhéidir léi é sin a dhéanamh, áfach, ach amháin más féidir leis an ngearánaí í a shásamh gur imthosca **eisceachtúla** an chúis nach ndearna sé nó sí an cás a tharchur laistigh den ghnáth-thréimhse sé mhí[4].

Tá athrú i gceist faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 2004 a tháinig i bhfeidhm an 18 Iúil 2004. I gcásanna ina bhfuil feidhm ag an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 2004, is féidir leis an Stiúrthóir an teorainn ama a fhadú (go dtí tréimhse nach faide ná 12 mhí freisin) ar choinníoll go mbeidh "cúis réasúnach" leis an bhfadú. Ní gá a léiriú go raibh "imthosca eisceachtúla" ann sna cásanna sin.

Is é an dáta a tharchuirtear éileamh an dáta a fhaigheann[5] an Binse foirm ghearáin chomhlánaithe, nó gearán a dhéantar trí chomhshocruithe iomchuí eile mar a chomhaontaítear leis an mBinse.

5. Téarmaí a Shainmhíniú[6]

[2] Tabhair de d'aire nach bhfuil feidhm ag an bhforáil áirithe seo maidir le cásanna faoi phá comhionann: Alt 77(5)(c) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.
[3] An tAcht Léiriúcháin 1937, alt 11(h); *McGuinness v Armstrong Patents,* an Ard-Chúirt, 1980 IR 289.
[4] Alt 77(5)(b) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.
[5] Alt 77(3) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

Folaíonn **"aois"** gach aois os cionn na haoise éigeantaí freastail ar scoil (16 bliana faoi láthair);

ciallaíonn "**míchumas**"—

(*a*) feidhmeanna coirp nó meabhrach duine a bheith in easnamh go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear cuid de chorp duine a bheith in easnamh,

(*b*) orgánaigh atá nó is dóigh a bheidh ina dtrúig galair nó tinnis ainsealaigh a bheith sa chorp,

(*c*) mífheidhmiú, anchuma nó máchailiú cuid de chorp duine,

(d) riocht nó mífheidhmiú a bhfuil de thoradh air go bhfoghlaimíonn duine ar shlí éagsúil le duine nach bhfuil an riocht nó an mífheidhmiú air no uirthi, nó

(*e*) riocht, tinneas nó galar a fhearann ar phróisis smaointe duine, ar aireachtáil na réaltachta ag duine, ar mhothúcháin nó ar bhreithiúnas duine nó a bhfuil iompraíocht shuaite de thoradh air, agus measfar go bhfolaíonn sé míchumas atá ann faoi láthair, a bhí ann cheana ach nach bhfuil ann a thuilleadh, nó a fhéadfaidh a bheith ann amach anseo, nó a chuirtear i leith duine;

folaíonn **"dífhostú"** inchiallaithe, is é sin, nuair nach ndífhostaíonn an fostóir an duine iarbbhír ach nuair atá sé réasúnach dóibh diúltú leanúint ag obair sa phost mar gheall ar iompar an fhostóra;

ciallaíonn **"stádas teaghlaigh"** freagracht—

(a) mar thuismitheoir nó mar dhuine *in loco parentis* i ndáil le duine nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, nó

(*b*) mar thuismitheoir nó mar an cúramóir príomha cónaitheach i ndáil le duine ag a bhfuil an aois sin nó atá os cionn na haoise sin agus atá faoi mhíchumas de chineál is cúis le cúram nó tacaíocht a bheith ag teastáil ar bhonn leanúnach, rialta nó minic,

agus, chun críocha *mhír (b)*, is cúramóir príomha cónaitheach i ndáil le duine faoi mhíchumas é nó í cúramóir príomha má tá cónaí ar an gcúramóir príomha leis an duine atá faoin míchumas;

[6] Ní ráitis ar an dlí na ráitis ghinearálta seo, agus tá siad faoi réir fhoclaíocht bheacht na nAchtanna i ngach cás. Tagraíonn siad don staid faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta ón **18 Iúil 2004**. Aon eachtraí a tharla roimh an dáta sin . tabharfar breith orthu de réir na sainmhínithe san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 sular leasaíodh é leis an Acht um Chomhionannais 2004. B'fhéidir go mbeidh difear idir na sainmhínithe sin agus na sainmhínithe a thugtar anseo.

ciallaíonn "ciapadh" 'iompar[7] nach dteastaíonn atá bunaithe ar aon fhoras de na forais idirdhealaitheacha (cine, inscne, aois, gnéaschlaonadh, míchumas, srl.) a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht leis dínit an duine a shárú agus timpeallacht bhagrach, naimhdeach, táirchéimiúil, uiríslithe nó maslach a chruthú don duine.

ciallaíonn "ciapadh gnéasach" iompar[8] de chineál gnéasach nach dteastaíonn, cibé acu i bhfocail, nó gan i bhfocail, nó fisiceach, a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht leis dínit an duine a shárú agus timpeallacht bhagrach, naimhdeach, táirchéimiúil, uiríslithe nó maslach a chruthú don duine.

ciallaíonn **"stádas pósta"** singil, pósta, idirscartha, colscartha nó baintreach;

"cóiríocht réasúnach": Deirtear sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta go gceaptar duine míchumasach a bheith lán-inniúil agus cumasach le haghaidh aon dualgas, más rud é go bhfágfaí amhlaidh iad da soláthródh an fostóir cóiríocht réasúnach. Is é an sainmhíniú atá ar chóiríocht réasúnach, bearta iomchuí, éifeachtacha agus praiticúla nuair atá gá leo i gcás áirithe chun a chumasú do dhuine míchumasach rochtain a bheith aige/aici ar fhostaíocht, a bheith rannpháirteach i bhfostaíocht nó dul chun cinn a dhéanamh inti, nó dul faoi oiliúint, mura rud é gurbh ualach díréireach ar an bhfostóir na bearta sin. Féadtar an méid seo a bheith san áireamh iontu, áitreabh nó trealamh, gréasáin d'am oibre, nó dáileadh tascanna a oiriúnú nó acmhainní oiliúna nó lánpháirtíochta a sholáthar, ach ní áirítear ann aon chóir, saoráid nó ní a bhféadfaí go soláthródh an duine iad dóibh féin de ghnáth nó le réasún.

folaíonn **"creideamh"** cúlra nó dearcadh creidimh;

ciallaíonn **"gnéaschlaonadh"** claonadh heitrighnéasach, homaighnéasach nó déghnéasach;tarlaíonn **"íospairt"** nuair a dhéanann an fostóir fostaí a dhífhostú, nó pionós a chur air nó uirthi ar dhóigh eile, mar gheall ar na nithe seo a bheith déanta ag an bhfostaí –

(a) gearán a dhéanamh faoi idirdhealú nó faoi iompar eile atá mídhleathach faoin Acht seo,
(b) aon imeachtaí a thionscnamh i dtaobh iompair atá mídhleathach faoin Acht seo,
(c) ionadaíocht a dhéanamh do ghearánaí nó tacaíocht a thabhairt do ghearánaí,
(d) a bheith mar fhinné nó comparáidí in imeachtaí comhionannais,
(e) cur i gcoinne iompair, ar mhodh dleathach, is iompar atá mídhleathach faoin na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíocht, nó,
(f) cur in iúl go raibh faoi/fúithi aon ní thuas a dhéanamh.

[7] Féadfar, gurb é a bheadh san iompar nach dteastaíonn , mar shampla, gníomhartha, iarrataí, focail labhartha nó gothaí; nó focail scríofa, pictiúir, íomhánna ríomhaire, teachtaireachtaí téacs nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh.
[8] Tá feidhm leis an bhfonóta thuas freisin i gcásanna faoi chiapadh gnéasach.